

Ar Ócáid Chéad Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir Ráiteas ó Easpag na hÉireann 17 Bealtaine 2009

“Is é grá Chríost atá dár dtiomáint.” (2 Cor 5:14)

Fáiltímid roimh chinneadh an Rialtais Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir a chur ar bun go bliantúil, lena gcuirtear deis luachmhar ar fáil dúinn chun cuimhneamh ar an am atá caite agus téamaí an ocrais agus an ghorta a mheabhú sa lá atá inniu ann. Sa tréadlitir *Ag cuimhneamh ar an nGorta Mór in Éirinn*,¹ a d’eisigh Comhdháil na n-Easpag in Éirinn in 1995, thugamar chun cuimhne gur “bhásaigh milliún duine agus go mb’éigean do dhá mhilliún duine, a bheag nó a mhór, dul ar imirce i rith an Ghorta agus go luath ina dhiaidh.” Ina theannta sin, is iomaí duine a cailleadh agus iad ag fóirhínt go grámhar orthu siúd a bhí tinn. Níl áireamh ar an méid tragóidí pearsanta a tharla de bharr na heachtra seo, eachtra a mhúnlaigh an stair chomhchoiteann dúinn mar dhaoine. Tá cuimhne chuí shollúnta dlíte di mar eachtra.

Ceithre bliana déag i ndiaidh *Ag cuimhneamh ar an nGorta Mór in Éirinn* timpeall orainn “tá an saol gó fóill scriosta ag torthaí an ghorta agus an ocrais.” Go deimhin, is mó duine fós atá thíos le hocras agus gorta sa lá atá inniu ann seachas mar a bhí in 1995: níl a ndóthain le hithe gach lá ag breis agus 963 milliún duine; faigheann páiste amháin bás uair gach sé soicind le míchothú agus ar chúiseanna gaolmhara; cuirtear iallach go fóill ar na deiceanna de mhílte duine gach bliain bheith ina dteifigh de dheasca an ocrais.

Mar a dhearbhaíomar in 1995, “scannal is ea an gorta agus is mó fós atá sin fíor inniu mar gur féidir na heachtraí is cúis le gorta a thuar anois agus dá bharr sin is féidir gorta a chosc inniu, rud nach raibh fíor sna 1840aí.” Ní mór a mheabhú gurb é gníomh an duine, agus faillí an duine, is cúis le gorta, cuid mhór. Tá míchothú ann i gcónaí fad agus atá níos mó acmhainní á gcaitheamh sa saol ar airm agus ar armáin a dhéanann scrios gan aird. Struchtúir pholaitíochta agus eacnamaíochta is cúis le gorta agus cuireann siad leis agus is minic a thagann ann do na struchtúir seo de thoradh iompar daoine aonair, iompar ar peaca é. Ainneoin saol na bhfuíoll a bheith ann, tá daoine fós faoi ocra.

Ina theannta sin, ní in áiteanna i gcéin amháin a bhuaileann ocra agus míchothú. Tá sé ag teacht i dtreis níos mó inár dtír féin faoi mar a thagann Cumann Naomh Uinseann de Pól agus áisíneachtaí Eaglasta eile trasna air ina gcuid oibre. Labhair Coimisiún na n-Easpag um Chearta agus Gnóthaí Sóisialta faoin méid seo le déanaí sa pháipéar seasaimh dá chuid ar an mbochtaineacht in Éirinn na linne seo.²

Le blianta beaga anuas, is mó ár dtuisicint ar ghné na timpeallachta mar a bhaineann le hocras. Scrios na timpeallachta, agus athrú aeráide go háirithe, atá ag cur le méid agus le géire na dtriomach agus na dtubaistí, agus atá ag cur le hocras agus le gorta sa domhan atá i mbéal forbartha.

Tá ceart bunúsach ag an uile dhuine chun a chuid nó chun a cuid aráin laethúil. Mar phobal Críostaí, a bhfuil aithne an Tiarna mar cheangal orainn, “Sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh” (Eoin 15:12), is é sciúirse bhuan an ocrais agus an ghorta a spreagann muid chun comhar agus chun comhoibrithe go fial, bunaithe ar luacha agus ar chearta mar a bhaineann le dínit an duine daonna féin ó nádúr. De bhreis ar chláir a fhorbairt agus tacú leo, cláir a bhfuil an spiorad seo préamhaithe iontu, cuireann an Eaglais roimpi chomh maith na cearta agus na luacha dosháraithe seo a chur chun cinn agus ar an gcaoi sin an t-ocra mór spioradálta atá ann a shásamh.

Laistiar den uile staitistic faoi ocra agus míchothú, tá fulaingt an duine aonair ina bhfeicimid aghaidh Chríost nuair a dúirt sé, “Sa mhéid go ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú de na bráithre seo

¹ Comhdháil na n-Easpag in Éirinn *Ag Cuimhneamh ar an nGorta Mór in Éirinn*, 24 Meán Fómhair 1995. Is ón tréadlitir seo a thógtar na sleachta ar fad sa ráiteas seo seachas mar a fhógraítear a mhalairt.

² Irish Commission for Justice and Social Affairs *In the wake of the Celtic Tiger, Poverty in Contemporary Ireland*, Position Paper, 2009

agamsa, is domsa a rinne sibh é.” (Matha 25:40) Tá glooch chugainn sa bhfulaingt seo chun dul i ngleic níos doimhne le Críost sa saol dúinn le paidreoireacht, san Eocairist agus le seirbhís ghrámhar. San imlitir dá chuid *Is é Dia an Grá*, mheabhraigh an Pápa Benedict XVI dúinn “an t-am a chaitear ag guí le dúthracht chun Dé, ní hamháin nach mbaineann sé seo ó sheirbhís ghrámhar, éifeachtach dár gcomharsa ach is amhlaidh gurb é seo foinse dho-ídithe na seirbhíse chéanna.”³

Agus cor chun donais eacnamaíoch buailte linn, tá baol mór ann dúinn mar thír, go ndíreois isteach ar aire a thabhairt dúinn féin amháin. Ní mór dúinn gach ar féidir linn a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mbochtán in Éirinn. Tá sé ríthábhachtach, agus muid ag cuimhneamh ar an ngorta mór, go dtabharfaimis aghaidh arís ar an ngorta ar fud an domhain. Is amhlaidh gur mheabhraíomar in *Ag cuimhneamh ar an nGorta Mór in Éirinn* “féile [mhuintir na hÉireann] ag freagairt dóibh do chás na mbochtán agus do mhuintir an domhain a bhí ag fulaingt.” Bhí an fhreagairt seo, atá préamhaithe chomh domhain sin ionainn, thar a bheith suntasach i gcónaí tráth a raibh cruatan eacnamaíoch ann. Tráth an ghorta in Éirinn, is iomaí duine agus sagart dár gcuid a rinne gníomh agus a thóg seirbhís an tSoiscéil orthu féin chun cuidiú le daoine a bhí gan dóchas nach mór. Sa lá atá inniu ann, tá daoine gan áireamh in Éirinn a dhéanann an bheart i gcónaí le tacaíocht a thabhairt d’áisneachtaí fóirhinte agus forbartha, le hairgead agus eile. Is mó ná riamh anois an gá atá ag na heagraíochtaí sin, ar nós Trócaire, le tacaíocht uainn le dul i ngleic le hocras agus gorta ar fud an domhain.

Ní mór do rialtais chomh maith gníomhú áfach, rialtais ar féidir leo aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le hocras agus gorta a bheith ann. Thaispeáin moltaí cróga thuairisc an Tascfhórsa Ocras a cuireadh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair seo caite tiomantas na hÉireann chun ceannaireacht a léiriú maidir le teacht ar réiteach ar fhadhb an ocras ar fud an domhain. Agus ceannairí an domhain mhóir ag iarraidh an córas domhanda airgeadais agus tráchtála a leasú mar fhreagra ar an éigeandáil reatha, ní mór dóibh deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach dícheall cabhrú leis na tíortha bochta chun dul i ngleic le hocras agus gorta. Tá dualgas faoi leith orthu a gcuid geallúintí maidir le cúnaimh coigríche a chomhlíonadh. Ní mór beart a dhéanamh maidir leis na geallúintí seo.

Maidir le Críostaithe, ní leis an am atá caite amháin a bhaineann cuimhneamh. Tá glooch chugainn inniu sa lá cuimhneacháin seo dul i ngleic as an nua i gcaidreamh le Críost san am i láthair, agus gealltanais a athnuachan go dtabharfaimid faoi cheisteanna an ocras agus an ghorta sa lá atá inniu ann.⁴ Go mbeidh sé mar aidhm againn, agus sinn mar uirlisí i lámha an Tiarna, todhchaí níos fearr a bhaint amach, agus is é sin an cuimhneachán is fearr ar fad orthu siúd a fuair bás. “Is é grá Chríost atá dár dtiomáint.” (2 Cor 5:14)

³ An Pápa Benedict XVI *Is é Dia an Grá* n 36

⁴ Mar chabhair leis an smaoineamh seo tá nótaí ar leith réitithe againn don Pharóiste agus don Liotúirge.